Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Seirbhísí Poiblí Níos Fearr

## Straitéis chlaochlaithe chun seachadadh don phobal agus muinín a chothú



2023


Arna ullmhú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí,
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
**gov.ie**



# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| Ár bhFís agus Gealltanais | 4 |
| Réamhrá | 5 |
| Intreoir | 6 |
| Creat Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí | 11 |
| Bonn Fianaise agus Torthaí Ardleibhéil | 18 |

## Is í ár bhFís ná seachadadh




## Ár nGealltanais

**I seachadadh na straitéise seo beimid treoraithe ag na cúiseanna seo chun freastal ar an bpobal agus chun muinín in institiúidí poiblí a chothú**




*Aithníodh i dtaighde ECFE na cúiseanna le muinín.

# Réamhrá

Tá an-áthas orm Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Chlaochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030 a chur i láthair. Tagann an straitéis uaillmhianach seo ag am an-tábhachtach dár dtír agus sinn fós ag iarraidh seachadadh seirbhísí poiblí a fheabhsú. Imríonn fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus eagraíochtaí den tseirbhís phoiblí ról an-tábhachtach maidir le seirbhísí duine le duine a sholáthar chun cabhrú riar ar riachtanais daoine agus beartas rialtais a chur i bhfeidhm.

Tugann Creat Claochlaithe nua na Seirbhíse Poiblí ag croílár na straitéise seo treoir le haghaidh athchóiriú straitéiseach sa tSeirbhís Phoiblí le fís le haghaidh:

> Soláthar Seirbhíse Poiblí ionchuimsitheach, ar ardchaighdeán agus comhtháite a riarann ar riachtanais agus a fheabhsaíonn saol mhuintir na hÉireann

Tagann an straitéis seo i ndiaidh an chláir *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* agus cuirfidh sí leis na héachtaí atá déanta i ngach gné den tSeirbhís Phoiblí le blianta beaga anuas. Beidh sí ag teacht freisin, nuair is cuí, leis na tosaíochtaí i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 agus mórstraitéisí eile. Léirigh ár dtaithí go háirithe ag déileáil le paindéim COVID-19 tiomantas, teacht aniar agus cumas éachtach na Seirbhíse Poiblí freagairt le nuálaíocht agus diongbháilteacht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta. Féachann an straitéis nua seo freisin le cur le rath fhreagairt na Seirbhíse Poiblí don ghéarchéim sin.

Tá an straitéis seo curtha le chéile timpeall ar thrí chroítthéama:

| | |
|---|---|
| **1** | **Digiteach agus Nuálaíocht ar scála** |
| **2** | **Lucht Saothair agus Eagraíocht na Todhchaí** |
| **3** | **Beartas agus seirbhísí a ndéantar eolas dóibh le fianaise, arna ndearadh dár bpobal agus in éineacht leo** |

Má dhéantar dul chun cinn ar na téamaí seo cabhrófar leis an tSeirbhís Phoiblí seachadadh don phobal ar a bhfuil sí ag freastal, muinín a chothú in institiúidí poiblí agus cabhrú tabhairt faoi chuid de na mórdhúshláin atá romhainn. Rud atá ríthábhachtach dó seo is ea an chaoi a n-éistfidh agus a rachaidh an tSeirbhís Phoiblí i dteagmháil leis na daoine a bhfuil sí ag freastal orthu, a seachadfaidh sí Tionscadal 2040, an Plean Forbartha Náisiúnta, a n-úsáidfidh sí nuálaíocht agus digitiú chun dul i ngleic le mórdhúshláin agus a n-oibreoidh sí i gcomhar chun an uaillmhian a leagtar amach sa straitéis a bhaint amach.

**Paschal Donohoe, TD**

An tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe



# Intreoir

Oibríonn an tSeirbhís phoiblí gach lá chun seirbhísí duine le duine agus ríthábhachtacha a chur ar fáil agus chun riar ar riachtanais mhuintir na hÉireann. Agus iad ag obair thar ceann an Rialtais i raon leathan agus ilghnéitheach eagraíochtaí, tá ról tábhachtach le himirt ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí i saol eacnamaíoch agus sóisialta na tíre. Caithfidh rialtais sa lá atá inniu ann ar fud an domhain freagairt do dhúshláin agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i rith an ama a bhaineann le hathrú aeráide, sláinte phoiblí, athruithe sa daonra, slándáil gheopholaitiúil, agus eile a thagann chun cinn agus a éilíonn gníomhartha maidir le beartas poiblí. Chomh maith leis sin, is príomhchúram é na coinníollacha a chothú do gheilleagar iomaíoch a leanann ar aghaidh ag tacú le trádáil agus infheistíocht. Tá beartas Rialtais sna réimsí seo lárnach chun forbairt leanúnach eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann a chinntiú. Is féidir le Seirbhís Phoiblí réamhbhreathnaitheach, nuálach agus beo-intinneach, ag obair le chéile thar ceann an Rialtais, cabhrú chun bheith ag súil le himpleachtaí na ndúshlán seo agus seirbhísí poiblí a sheachadadh agus a dhearadh chun riar ar riachtanais saoránach, gnólachtaí agus custaiméirí trí iad a chur ag an lár.

## Straitéis Chlaochlaithe na Seirbhíse Poiblí

Tá traidisiún fada agus bródúil ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhaineann le héiteas seirbhíse poiblí ina róil. Léiríonn uaillmhian na straitéise seo luachanna seirbhíse poiblí atá follasach i ngach eagraíocht den tseirbhís phoiblí timpeall na tíre agus i ngach áit oibre ina gcuirtear seirbhísí poiblí ar fáil. Is é an uaillmhian atá ann torthaí a mbeidh tionchar acu a sheachadadh dár bpobal trí Chreat Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm agus déanfar rath na straitéise a thomhas de réir na dtorthaí a bhainfidh sí amach a fhad le 2030.

## Timpeallacht Oibriúcháin

Bhí athrú ollmhór le déanaí sa timpeallacht ina bhfuil an tSeirbhís Phoiblí ag obair. Mar gheall ar fhás eacnamaíoch na hÉireann, ag tacú leis an leibhéal is airde fostaíochta i stair an stáit agus feidhmíocht eacnamaíoch láidir leanúnach, is féidir infheistíocht shuntasach a dhéanamh i seirbhísí poiblí, tacaíochtaí ioncaim agus bonneagar. Is é atá sa tSeirbhís Phoiblí anois ná timpeall 370,000 ball foirne ag seachadadh raon leathan de sheirbhísí poiblí chun riar ar riachtanais daonra, daonra agus ilghnéitheach agus a bhfuil fás ag teacht air. Tá sé seo measartha beag i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile ag 14.4% den lucht saothair. Tá deiseanna ann na bealaí a gcuireann an tSeirbhís Phoiblí seirbhísí ar fáil a fheabhsú agus tá dualgas orainn seirbhísí poiblí a fheabhsú chun riar ar dhúshláin a thagann chun cinn.

## Príomhdhúshláin

Tá, mar sin féin, dúshláin reatha agus amach anseo roimh an tír, agus tá an méid a chuireann an tSeirbhís Phoiblí le tabhairt faoi na dúshláin ríthábhachtach. Tá na dúshláin casta. Tá impleachtaí ag treochtaí i bhfás daonra agus i ndéimeagrafaic ghaolmhara maidir le seachadadh seirbhísí poiblí. Tá geilleagar na hÉireann an-domhandaithe, rud a chiallaíonn go mbíonn rioscaí ann nuair a bhíonn éiginnteacht dhomhanda agus forbairtí geopholaitiúla ann. Tá rioscaí ann freisin dár ngeilleagar oscailte mar gheall ar éiginnteacht eacnamaíoch ar fud an domhain. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh Éire i gcónaí tarraingteach don infheistíocht idirnáisiúnta agus intíre, agus mar thimpeallacht den scoth don ghnó. Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís Phoiblí maidir le tabhairt faoi na treochtaí seo, tacú leis na pleananna le haghaidh geilleagar glas agus digiteach agus tarraingteacht na hÉireann don infheistíocht.

Tá sé ríthábhachtach tabhairt faoin mbriseadh síos comhshaoil le haghaidh thodhchaí ár dtíre. Ag teacht lenár ngealltanais sa Phlean um Athrú Aeráide, imreoidh an earnáil phoiblí ról ceannaireachta maidir le gníomhaíocht chomhshaoil fhorleathan a bhrú chun cinn ina foirgnimh, iompar, dramhaíl, agus úsáid fuinnimh, chomh maith leis an tsochaí níos leithne. Áireofar leis seo astuithe a laghdú 51% faoi 2030 agus an feabhsú in éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú san earnáil phoiblí ón sprioc 33% in 2020 go 50% faoi 2030. Caithfidh sí freisin cabhrú tabhairt faoi inbhuanaitheacht riachtanais fuinnimh na hÉireann isteach sa todhchaí.

Is ceist atá ag teacht chun cinn í i mórán tíortha muinín i Rialtas agus in institiúidí poiblí. Tá sé ríthábhachtach muinín a choinneáil chun rath raon leathan de bheartais phoiblí a bhraitheann ar ghlacadh ón bpobal a chinntiú. Tá ECFE tar éis cúig phríomhchúis le muinín in institiúidí poiblí a aithint, is iad sin freagrúlacht; iontaofacht; macántacht; oscailteacht agus cothroime. Cuireann seo ar fáil creat praiticiúil don tSeirbhís Phoiblí chun céimeanna réamhghníomhacha agus comhoibríocha a ghlacadh chun muinín a chothú in institiúidí poiblí, foghlaim ón gcleachtas is fearr idirnáisiúnta, leibhéil mhuiníne a thomhas thar am agus a thomhas conas atáimid i gcomparáid le seirbhísí poiblí idirnáisiúnta. Tá an tSeirbhís Phoiblí i suíomh uathúil chun muinín a fheabhsú i Rialtas agus institiúidí poiblí agus trédhearcacht agus macántacht a chinntiú i ndéanamh an riaracháin phoiblí a mhéadóidh a thuilleadh muinín.

Tá saincheisteanna casta beartais agus seachadta ann freisin. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí gach rud is féidir léi a dhéanamh chun na mór-shaincheisteanna sin a réiteach laistigh de agus thar earnálacha a éilíonn díocas leanúnach. Is príomhdhúshláin fós go háirithe iad saincheisteanna amhail soláthar tithíochta agus dul i ngleic leis an easpa dídine, seachadadh cúraim sláinte agus seirbhísí oideachais agus bonneagar sóisialta agus eacnamaíoch. Chun an cur chuige comhchoiteann i leith na saincheisteanna seo a réiteach agus cur i bhfeidhm straitéisí reatha a dhéanamh níos tapúla beidh gá le nuálaíocht, úsáid níos fearr na fianaise agus sonraí, teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus digitiú nuair is infheidhme, agus soláthar seirbhíse níos éifeachtúla. Is féidir linn ár n-uaillmhian a bhaint amach freisin trína athshamhlú conas a sheachadtar seirbhísí, trínár struchtúir a atheagrú chun tacú le seachadadh atá dírithe ar dhaoine agus trína chinntiú go bhfuil an cultúr ceart againn chun na hathruithe a theastaíonn a chur i bhfeidhm.

## Cur le hÉachtaí

Tá cuntas teiste láidir ag an tSeirbhís Phoiblí maidir le hathrú agus athchóiriú a chur i bhfeidhm agus le haghaidh seachadadh seirbhíse níos fearr. Ó 2011 i leith, tá pleananna athchóirithe agus cláir athchóirithe ar leibhéal earnála i ndiaidh a chéile curtha i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn an tSeirbhís Phoiblí agus chun a chinntiú go bhfuil an inniúlacht agus an cumas ag comhlachtaí den tseirbhís phoiblí a bhfeidhmeanna a chur i gcrích. Dhírigh an chéim is déanaí d'athchóiriú na seirbhíse poiblí, *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*, a foilsíodh i mí na Nollag 2017, ar thacú le claochlú leanúnach na Seirbhíse Poiblí chun glacadh chucu féin go hiomlán an digitiú, an nuálaíocht a bhrú chun cinn agus an comhoibriú agus an cumas riar ar riachtanais an phobail a fheabhsú a thuilleadh. Taispeántar thíos roinnt samplaí de bhloic thógála an athchóirithe atá bainte amach agus/nó atá ar siúl i gclaochlú na seirbhíse poiblí agus athchóirithe gaolmhara eile atá seachadta lasmuigh de chláir athchóirithe na seirbhíse poiblí.

## Bloic Thógála an Athchóirithe

### Cláir earnála
- Sláintecare
- Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann
- MyCoCo
- An Garda Síochána Clár Nuachóirithe & Athnuachana
- Plean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann

### Athchóiriú struchtúrtha
- Solas
- Intreo
- An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre
- Athchóiriú Rialtais Áitiúil
- Bonneagar Iompair Éireann

### Rialtas Digiteach
- Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais
- MyGovID
- Cónascadh Rialtais 2030

### Seirbhís do chustaiméirí & agus comhpháirteachas poiblí
- Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Próisis chomhairliúcháin
- Suirbhéanna Sástachta Custaiméirí
- Prionsabail an Deartha sa Rialtas

### Seirbhísí & soláthar comhroinnte
- Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
- Oifig um Sholáthar Rialtais

### Athchóiriú & trédhearcacht Rialtais
- Rialachas Stocaireachta
- Nochtuithe Cosanta
- Saoráil Faisnéise
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na Comhpháirtíochta um Rialtas Oscailte
- Ceapacháin Bhoird Stáit
- Suirbhéanna Muiníne
- Whodoeswhat.gov.ie

### Sonraí
- Bonneagar Sonraí Náisiúnta
- Straitéis Sonraí Oscailte
- An tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí

### Seachadadh digiteach
- Seirbhísí pas
- JobsIreland
- Coimisinéirí Ioncaim ar líne
- MyWelfare
- Ceadanna fostaíochta

### Rannpháirtíocht & aitheantas foirne
- Comhpháirteachas fostaithe
- Aitheantas foirne

### Tionscnaimh líonra
- Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Bainisteoir Cláir agus Tionscadail
- An Líonra Nuálaíochta
- Taighde Státseirbhíse
- Cumarsáid Rialtais
- Fadbhreathnaitheacht Straitéiseach

### Nuálaíocht & teicneolaíocht ag teacht chun cinn
- An Nuálaíocht a Réadú, Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí
- An Ciste Nuálaíochta
- Uathoibriú Próisis Róbataigh
- Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga

### Caiteachas & beartas
- Seirbhís Eacnamaíoch agus Luachála Rialtas na hÉireann
- An próiseas um Athbhreithniú ar Chaiteachas
- Feidhmíocht agus Buiséadú Comhionannais
- An Creat Náisiúnta Folláine
- Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann

### Rialachas Corparáideach
- Cód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit
- Caighdeán um Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse

### Cumarsáid
- Féiniúlacht Rialtas na hÉireann
- gov.ie

### Inniúlacht AD & eagraíochtúil Straitéiseach
- Gairmiúlú AD
- Foghlaim & Forbairt
- Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí
- Soghluaiseacht Foirne
- Athbhreithnithe Inniúlachta Eagraíochtúla

# An tSeirbhís Phoiblí in Uimhreacha




- Sláinte – 26%
- Coimirce Shóisialta – 14%
- Oideachas – 11%
- Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht – 6.3%
- Iompar – 3.9%
- Eile – 38.8%

**372,451** Fostaí den tSeirbhís Phoiblí ag deireadh Mheán Fómhair 2022

| | |
|---|---|
| Státseirbhís | **47,551** |
| Cosaint | **8,386** |
| Oideachas | **119,862** |
| Sláinte | **135,245** |
| Dlí agus Ceart | **14,215** |
| Údaráis Áitiúla | **31,085** |
| Gníomhaireachtaí Stáit Neamhthráchtála | **16,107** |

**9.8m** milliún íocaíocht leictreonach leis na Coimisinéirí Ioncaim

**1.9m** milliún glaoch gutháin le cáiníocóirí

**306,000** Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí eisithe

**3.8m** milliún cuntas MyGovID, a bhfuil 1.89 milliún acu dearbhaithe

**5ú** háit, rangú na hÉireann san AE maidir le digitiú

**1.1m** milliún pas eisithe

**121,000** iarratas ó fheirmeoirí ar an Scéim Íocaíochta Bunúsaí

**66m** milliún cuairt ar gov.ie

**56,324** teagmháil/iarracht ar theagmháil leis an nGarda Síochána ó íospartaigh foréigin baile in 2020-2022

**1,547** imlonnaithe thar sáile i dtrí mhisean déag de chuid Óglaigh na hÉireann

**560,000** dalta bunscoile

**406,000** scoláire iar-bhunscoile

**58,443** breith nua cláraithe

**308,800** mac léinn tríú leibhéal lánaimseartha

**26,325** phrintíseacht

**15,000** tacar sonraí ó 160 PSB ar thairseach sonraí oscailte

**12** Údarás Áitiúla ag úsáid pleanáil ar líne

**1.5m** milliún duine ag dul chuig Rannóga Éigeandála

**530,000** cuairt cárta dochtúra

**375,440** glaoch éigeandála ar an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr

**43,600** altra

**13,000** dochtúir

**29.7m** milliún íocaíocht dífhostaíochta paindéime faoin scéim

Tá gach figiúr slánaithe agus baineann siad le bliain iomlán nuair is infheidhme. Úsáidtear na figiúirí is déanaí atá ar fáil.


## Ceachtanna Foghlamtha

Léirigh eispéireas eagraíochtaí seirbhíse poiblí ag freagairt do phaindéim COVID-19 an méid is féidir a bhaint amach maidir le seachadadh seirbhíse nuálach. Sa tréimhse seo cruthaíodh dúshlán nach raibh ann riamh cheana d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí ag seachadadh príomhsheirbhísí dá gcustaiméirí. Seachnaíodh mórchur isteach ar sheachadadh seirbhíse poiblí trí athchóirithe táirgiúlachta, digitiú tapa agus glacadh forleathan cleachtas oibre cumaiscthe. Léirigh an tSeirbhís Phoiblí leibhéil eisceachtúla chomhoibrithe, chruthaitheachta agus lúfaireachta eagraíochtúla chun seachadadh ar scála le linn na freagartha ar an bpaindéim. Léirigh an tréimhse seo freisin leithne na seirbhísí tábhachtacha a chuirtear ar fáil ar fud na seirbhíse poiblí agus chuir sí ar a chumas don Rialtas tacaíochtaí ríthábhachtacha a sheachadadh chun cabhrú leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar bainistiú tríd an ngéarchéim.

D'oibrigh eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí i ndlúthchomhar le chéile, cumasaithe go minic mar gheall ar úsáid níos fearr sonraí agus teicneolaíochta, chun seachadadh do mhuintir na hÉireann agus don Rialtas. Tógfaidh an straitéis seo ar na héachtaí sin agus ceachtanna foghlamtha le linn fhreagairt na Seirbhíse Poiblí ar an bpaindéim. Féachfaidh sí lena chinntiú go bhfanfaidh muinín i Rialtas agus sa tSeirbhís Phoiblí láidir agus go leanfaidh an fuinneamh le haghaidh athrú a chonacthas le linn na géarchéime sláinte poiblí sin ar aghaidh. D'athdhearbhaigh an Rialtas le déanaí tábhacht Thionscnamh na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC), agus neartófar feidhmiú na bPleananna Gníomhaíochta do Chustaiméirí agus Cairteacha Custaiméirí ar fud ár Seirbhíse Poiblí ar feadh na straitéise seo, ag leagan béim ar an ngealltanas na seirbhísí is fearr agus is féidir a sheachadadh do chustaiméirí.

## Dírithe ar Thorthaí

Tá an straitéis seo dírithe ar thorthaí ardleibhéil a chabhróidh leis an tseirbhís phoiblí chun seachadadh a seirbhísí don phobal a fheabhsú go seasmhach.







# Creat Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030

# Soláthar Seirbhíse Poiblí ionchuimsitheach, ar ardchaighdeán agus comhtháite a riarann ar riachtanais agus a fheabhsaíonn saol mhuintir na hÉireann.

### Digiteach agus Nuálaíocht ar scála



### Lucht Saothair agus Eagraíocht na Todhchaí



### Beartas agus seirbhísí a ndéantar eolas dóibh le fianaise, arna ndearadh dár bpobal agus in éineacht leo



## Oibreoidh an tSeirbhís Phoiblí chun

**Digiteach agus Nuálaíocht ar scála**

- Dul i ngleic le saincheisteanna móra sochaíocha agus athrú sochaíoch a bhrú chun cinn
- Eispéireas úsáideora saoráideach agus seachadadh ionchuimsitheach seirbhíse a bhaint amach
- Áit oibre fhuinniúil bheo-intinneach a chur ar fáil

**Lucht Saothair agus Eagraíocht na Todhchaí**

- A chinntiú go bhfuil sí níos ilghnéithí, níos beo-intinní agus níos ionchuimsithí
- A chinntiú go bhfuil sí oilte don todhchaí
- Í féin a dheimhniú mar roghfhostóir

**Beartas agus seirbhísí**

- Beartais agus seirbhísí éifeachtacha dírithe ar an duine chur ar fáil, a dheartar le fianaise agus léargais ónár bpobal agus ónár sonraí agus taighde
- Sonraí inrochtana agus comhroinnte seirbhíse poiblí a chumasú

## Sainaithneoidh agus cuirfidh Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí gníomhartha in ord tosaíochta chun

**Digiteach agus Nuálaíocht ar scála**

- A sheachadann seirbhísí agus feidhmeanna atá cumasaithe go digiteach
- A thacaíonn le hionchuimsiú digiteach
- A chuireann ar fáil seirbhísí comhleanúnacha ag úsáid MyGovID chun a chinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach agus inrochtana
- A fhorbraíonn nuálaíochtaí inscálaithe agus a chruthaíonn áiteanna oibre fuinniúla

**Lucht Saothair agus Eagraíocht na Todhchaí**

- Comhionannas, ilghnéitheacht agus ionchuimsiú a fheabhsú
- Baill foirne a uasoiliúint agus a athoiliúint
- Beartais AD fhorásacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

**Beartas agus seirbhísí**

- Plé leis an bpobal maidir le dearadh beartais agus seirbhíse
- Tús áite a thabhairt d’úsáideoirí seirbhíse agus smaointeoireacht córas agus deartha a leabú
- Tabhairt faoin bhfeabhas leanúnach trí gach cineál cur amú a shainaithint agus a bhaint ar shiúl
- Áisiúlacht ÉIRCHÓD, Aitheantóir Uathúil Gnólachta (UBI), PPSN agus MyGovID a uasmhéadú
- Sonraí a chomhroinnt go sábháilte ar fud na Seirbhíse Poiblí

## Seirbhís Phoiblí:

**A thógann muinín in institiúidí poiblí | A dhíríonn ar thorthaí | A sheachadann gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht**

## Conas a thacaíonn an Creat le Claochlú na Seirbhíse Poiblí

Tá an straitéis deartha chun treoir athchóirithe a chur ar fáil a chabhróidh leis an tSeirbhís Phoiblí gníomhartha a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta le haghaidh Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí. Cabhróidh sí freisin le gach earnáil den tSeirbhís Phoiblí a cláir athchóirithe féin ar leibhéal earnála a bhaint amach agus cabhrú le seachadadh Thionscadal 2040, an Plean Forbartha Náisiúnta. Tá an straitéis ag teacht le h*Athnuachan na Státseirbhíse 2030* agus comhlánaíonn sí straitéisí agus tionscnaimh eile athchóirithe. Cinntíonn seo comhleanúnachas athchóirithe ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí níos leithne.

Comhlánaíonn agus idirnascann tosaíochtaí na straitéisí le chéile ar fud na dtrí théama. Ach iad a bhaint amach go rathúil le chéile cabhrófar muinín a choinneáil agus a thógáil in institiúidí poiblí agus na bloic thógála a chur ar fáil chun cabhrú leis an tSeirbhís Phoiblí a páirt a imirt maidir le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht a sheachadadh agus a feidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach thar ceann Rialtais.

## Bord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí (BCSP)

Imreoidh Bord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí (BCSP), le hionadaithe leibhéal Ard-Rúnaí/PF ó Ranna Rialtais agus raon leathan eagraíochtaí den tseirbhís phoiblí, imreoidh siad príomhról maidir le huaillmhian na straitéise a bhaint amach, go háirithe, trí bheith ag obair le chéile ar thosaíochtaí comhroinnte ag leibhéal straitéiseach.

## Comhlachtaí den tSeirbhís Phoiblí

Tá Comhlachtaí den tSeirbhís Phoiblí ríthábhachtach chun uaillmhian na straitéise seo a réadú. Ba cheart go n-aithneodh siad agus go gcuirfeadh siad in ord tosaíochta gníomhartha atá sa Chreat. Ba cheart go mbeadh aird acu orthu agus iad ag forbairt a straitéisí corparáideacha agus go ndéanfaidh siad seachadadh a dtosaíochtaí athchóirithe ina bpleananna gnó a ailíniú leis an gCreat agus go dtuairisceodh siad ar dhul chun cinn ina dtuarascálacha bliantúla.



## Comhoibreoidh an tSeirbhís Phoiblí ar thionscadail uile-Rialtais chrosghearrtha:

- A rachaidh i ngleic le saincheisteanna sochaíocha agus a bhrúfaidh chun cinn athrú sochaíoch trí bheith ag obair ar bhealach comhoibríoch chun dul i ngleic leis na mór-shaincheisteanna atá roimh an tsochaí trí theicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a úsáid, ag baint tairbhe as an bhféidearthacht a bhaineann le digitiú agus cur i bhfeidhm na nuálaíochta. Tabharfaidh sí ceannaireacht le dea-shampla agus í ag baint amach a spriocanna dícharbónaithe agus trí thacú leis an tsochaí a ról a imirt maidir le gealltanais na hÉireann maidir le hathrú aeráide a chur i gcrích.
- A bhaineann amach eispéireas úsáideora saoráideach tríd an gcustaiméir a chur ag lár dhearadh an tseachadta seirbhíse, trí sheirbhísí digiteacha a aithnítear ar bhonn domhanda agus trí Thairseach Tarluithe Saoil a fhorbairt.
- A chuireann ar fáil áit oibre fhuinniúil agus beo-intinneach trí thimpeallacht a chruthú a thacaíonn le cultúr nuálaíochta agus a leanann ar aghaidh ag freagairt do riachtanais saoránach agus custaiméirí.

## Iarrtar ar Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí gníomhartha a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta:

- A sheachadann seirbhísí agus feidhmeanna atá cumasaithe go digiteach chun riar ar riachtanais saoránach, custaiméirí, gnólachtaí agus úsáideoirí seirbhísí.
- A thacaíonn le hionchuimsitheacht dhigiteach chun a chinntiú nach bhfágtar duine ar bith ar deireadh.
- A chuireann ar fáil seirbhísí comhleanúnacha ag úsáid MyGovID chun a chinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach agus inrochtana.
- A fhorbraíonn nuálaíochtaí inscálaithe agus a chruthaíonn áiteanna oibre fuinniúla chun cuir chuige rathúla a athchruthú agus tacú leis an timpeallacht cheart le haghaidh nuálaíochta agus díriú ar chustaiméirí.

Ba cheart go mbeadh aird ag Comhlachtaí den tSeirbhís Phoiblí freisin ar na tosaíochtaí seo agus iad ag forbairt a straitéisí corparáideacha agus go ndéanfaidh siad seachadadh a ngníomhartha athchóirithe ina bpleananna gnó a ailíniú leis an gCreat agus go dtuairisceodh siad ar dhul chun cinn ina dtuarascálacha bliantúla.

## Digiteach agus Nuálaíocht ar scála

Imríonn teicneolaíochtaí digiteacha ról atá ag éirí níos tábhachtaí sa chaoi a maireann, a bhfoghlaimíonn, a n-oibríonn agus a nglacann daoine páirt sa gheilleagar agus sa tsochaí. Tá Éire, dála tíortha forásacha eile, tar éis tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht mar luasaire don athrú a d'oscail féidearthachtaí ollmhóra sa tSeirbhís Phoiblí agus sa gheilleagar níos leithne. Tá saoránaigh, custaiméirí agus gnólachtaí ag súil níos mó agus níos mó le seirbhísí poiblí a rochtain ar líne. Mar gheall ar theicneolaíochtaí nua agus ag teacht chun cinn a ghiaráil agus sonraí atá in ann seachadadh níos saoráidí a bhrú chun cinn a úsáid, cuirtear i láthair deiseanna iontacha do sheirbhísí poiblí. Caithfidh an bonneagar agus an inniúlacht a bheith i bhfeidhm ag an tSeirbhís Phoiblí, mar sin, chun seirbhísí digiteacha a sheachadadh agus chun úsáid MyGovID a uasmhéadú.

Tá sí, ag an am céanna, tiomanta do leanúint ar aghaidh ag riar ar riachtanais daoine nach bhfuil ábalta seirbhísí ar líne a úsáid. In *Cónascadh Rialtais 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC don tSeirbhís Phoiblí* leagtar amach cur chuige chun rialtas digiteach a sheachadadh do chách, ag déanamh tairbhe don tsochaí agus don gheilleagar níos leithne araon. In *Treochlár Ionchuimsitheachta Digití* na hÉireann leagtar amach raon gníomhartha chun a chinntiú nach bhfágtar aon duine ar deireadh, agus an uaillmhian ann ceann de na stáit is ionchuimsithí go digiteach san AE a dhéanamh d'Éirinn.

Tá an teicneolaíocht agus an cultúr ar na príomhchúiseanna le nuálaíocht, mar atá toilteanas foirne smaointe nua a ghlacadh chucu féin. Tá bealaí nua le smaoineamh agus le hobair a dhéanamh ag teastáil chun dul i ngleic le dúshláin chasta agus chun tionchar beartas agus seirbhísí a uasmhéadú. Ní mór d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí cultúr nuálaíochta a ghlacadh chucu féin chun a chinntiú go mbaintear amach na torthaí is fearr agus is féidir do mhuintir na hÉireann. Tacóidh seo le fiosrú agus glacadh cur chuige nua maidir le beartas agus seachadadh agus comhoibriú oscailte a chur chun cinn chun seachadadh, leis an saoránach ag an lár. Tógfar ar dhul chun cinn atá déanta cheana féin ar An Nuálaíocht a Réadú, Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm. Tá an tSeirbhís Phoiblí tiomanta do cheannaireacht a léiriú agus bheith ag obair le chéile chun comhoibriú agus bheith nuálach chun roinnt de na mórdhúshláin laistigh de agus ar fud earnálacha a réiteach. Tá sí tiomanta freisin do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla maidir le tabhairt faoi bhriseadh síos aeráide agus a spriocanna aeráide a bhaint amach.


## Comhoibreoidh an tSeirbhís Phoiblí ar thionscadail uile-Rialtais chrosghearrtha:

- A chinnteoidh Seirbhís Phoiblí atá níos ilghnéithí, níos lúfaire agus níos ionchuimsithí agus a léiríonn sochaí na hÉireann chun freastal níos fearr ar an Rialtas agus ar an bpobal.
- A chinnteoidh go bhfuil a foireann oilte don todhchaí chun riar ar riachtanais gach earnáil den tSeirbhís Phoiblí agus gach Comhlacht den tSeirbhís Phoiblí.
- A dheimhneoidh í féin mar roghfhostóir trína baill foirne a mhealladh, a choinneáil, a uasoiliúint agus a fhorbairt, ag tosú le samhail phrintíseachta don tSeirbhís Phoiblí a fhorbairt.

## Iarrtar ar Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí gníomhartha a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta:

- A fheabhsaíonn comhionannas, ilghnéitheacht agus ionchuimsitheacht lena chinntiú go bhfuil aird ag straitéisí eagraíochtúla ar a dtábhacht go hinmheánach agus sa seachadadh seirbhíse.
- A uasoileann agus a athoileann baill foirne de réir riachtanais ghnó na heagraíochta agus trí dheiseanna a thairiscint do bhaill foirne forbairt a dhéanamh.
- A fhorbraíonn beartais fhorásacha AD a chabhróidh le chéile baill foirne a mhealladh agus a choinneáil agus a chinntíonn gur féidir leis an eagraíocht riar ar a riachtanais ghnó.

Ba cheart go mbeadh aird ag Comhlachtaí den tSeirbhís Phoiblí freisin ar na tosaíochtaí seo agus iad ag forbairt a straitéisí corparáideacha agus go ndéanfaidh siad seachadadh a ngníomhartha athchóirithe ina bpleananna gnó a ailíniú leis an gCreat agus go dtuairisceodh siad ar dhul chun cinn ina dtuarascálacha bliantúla.



## Lucht Saothair agus Eagraíocht na Todhchaí

Tá caighdeán agus seachadadh seirbhísí poiblí ag brath go mór ar scileanna, treallús agus tiomantas na ndaoine a sheachadann iad. Mar an acmhainn is mó atá ag an tSeirbhís Phoiblí, caithfimid a chinntiú go bhfuilimid ag baint tairbhe as féidearthacht iomlán ár bhfoirne agus go bhfuil an timpeallacht le tacú leis seo á cur ar fáil ag ár n-eagraíochtaí. Is féidir le Seirbhís Phoiblí bhríomhar, chumasaithe agus ilghnéitheach daoine cumasacha a mhealladh atá ag iarraidh freastal ar an bpobal agus gairmeacha fiúntacha a fhorbairt. Tugann ilghnéitheacht – i gcúlra, i dtaithí saoil – léargais éagsúla, cruthaíonn sí dúshlán agus spreagann sí athrú agus nuálaíocht. Is é ár bhfís do lucht saothair na todhchaí ná lucht saothair oilte, spreagtha, le tacaíocht ó fhorbairt fhuinniúil gairme, beartais fhorásacha agus cultúir ionchuimsitheacha san áit oibre. Le rochtain ar cosáin éagsúla go gairmeacha sa tSeirbhís Phoiblí agus scileanna a fhás laistigh d'eagraíochtaí cabhrófar baill foirne a mhealladh agus a choinneáil. Cosán amháin is ea an phrintíseacht. Méadóidh an tSeirbhís Phoiblí an líon clárúchán printíseachtaí ar fud na hearnála, lena n-áirítear údaráis áitiúla, chun 750 clárúchán bliantúil a bhaint amach faoi 2025. Bainfear seo amach de réir na ngealltanas sa Phlean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021-2025.

In obair ECFE ar thodhchaí na seirbhíse poiblí cuirtear in iúl samhail fostaíochta seirbhíse poiblí atá réamhbhreathnaitheach, solúbtha agus sásúil trí:

- Seirbhís phoiblí réamhbhreathnaitheach a thuigeann conas atá obair fostaithe sa tseirbhís phoiblí ag athrú, agus a bhfuil a fhios aici conas a lucht saothair a ullmhú chun an obair a fháil déanta
- Seirbhís phoiblí sholúbtha atá in ann daoine a bhfuil na scileanna acu a theastaíonn uaithi a bhogadh go dtí na háiteanna a dteastaíonn sé uaithi iad a bheith ann mar fhreagairt ar thosca a athraíonn go tapa, beag beann ar neamh-chomhtháthú eagraíochtúil nó cláir agus
- Seirbhís phoiblí shásúil a mheallfaidh, a choinneoidh agus a bhainfidh an úsáid is fearr as na scileanna a theastaíonn uaithi trí bheith tarraingteach do lucht saothair poiblí atá ag éirí níos ilghnéithí

Beidh ár bpleananna do lucht saothair agus eagraíocht na todhchaí treoraithe ag na príomh-shaintréithe seo. Beidh ceannaireacht ag gach leibhéal i Seirbhís Phoiblí na hÉireann ríthábhachtach chun ár n-uaillmhian a bhaint amach, go háirithe ag leibhéal sinsearach.

## Comhoibreoidh an tSeirbhís Phoiblí ar thionscadail uile-Rialtais chrosghearrtha:

- A sheachadfaidh beartais agus seirbhísí éifeachtacha dírithe ar an duine agus a dheartar le fianaise agus léargais ónár bpobal agus ónár sonraí agus taighde.
- A chumasóidh sonraí seirbhíse inrochtana agus comhroinnte.

## Iarrtar ar Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí gníomhartha a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta:

- A théann i dteagmháil leis an bpobal i bpróisis deartha beartais agus seirbhíse chun eolas a dhéanamh d'fhianaise agus léargais d'fhorbairt beartais agus chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí deartha agus iad ag an lár.
- A thugann tús áite d'úsáideoirí seirbhíse i ngach cinneadh agus gníomh agus a thugann faoi ardchaighdeán trí mhodh bainistíochta atá déanta foirmiúil a neadaíonn smaointeoireacht córas, dá ndéanann bainistíocht oibríochtaí eolas.
- A thugann faoi fheabhsú leanúnach, ní trí iarraidh ar bhaill foirne a bheith ag obair níos crua, níos gasta nó níos faide, ach trí gach cineál de chur amú a shainaithint agus a bhaint ó gach próiseas, lena n-áirítear cur amú am agus taithí/scileanna foirne agus úsáideoirí seirbhíse.
- A uasmhéadaíonn áisiúlacht ÉIRCHÓD, Aitheantóir Uathúil Gnólachta (UBI), PPSN agus MyGovID mar phríomhchodanna den Bhonneagar Sonraí Náisiúnta (BSN) agus chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais agus seachadadh seirbhíse.
- A chomhroinneann sonraí go sábháilte ar fud na Seirbhíse Poiblí chun an bonn fianaise d'fhorbairt beartais agus seirbhíse a fheabhsú agus ionas go gcaithfidh daoine agus gnólachtaí a sonraí a chur ar fáil uair amháin do Chomhlacht den tSeirbhís Phoiblí.

Ba cheart go mbeadh aird ag Comhlachtaí den tSeirbhís Phoiblí freisin ar na tosaíochtaí seo agus iad ag forbairt a straitéisí corparáideacha agus go ndéanfaidh siad seachadadh a ngníomhartha athchóirithe ina bpleananna gnó a ailíniú leis an gCreat agus go dtuairisceodh siad ar dhul chun cinn ina dtuarascálacha bliantúla.

## Beartas agus seirbhísí a ndéantar eolas dóibh le fianaise, arna ndearadh dár bpobal agus in éineacht leo

Is féidir eolas a dhéanamh do bheartais atá deartha go maith agus do sheachadadh seirbhísí poiblí éifeachtúla agus éifeachtacha le sonraí agus léargais bheartais a eascraíonn ó fhianaise. Ciallaíonn sé seo nach mór an cumas a bheith ag an tSeirbhís Phoiblí sonraí a anailísiú, a úsáid agus a chomhroinnt chun eolas a dhéanamh do bheartais agus do sheirbhísí. Mar phríomhghnéithe dár mbonneagar beartais straitéisí, imreoidh Seirbhís Eacnamaíoch agus Luachála Rialtas na hÉireann (SELRÉ) agus Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann (SSRÉ), ag obair laistigh de agus ar fud earnálacha, ról tábhachtach ag cur ar fáil sonraí agus léargas ar shaincheisteanna beartais tosaíochta. Chomh maith leis sin, neartóidh bunú beartaithe Aonad Beartais Straitéisigh i Ranna Rialtais ár n-inniúlacht agus cumas léargais a ndéantar eolas dóibh le fianaise a chur ar fáil don Rialtas.

Imríonn an Státseirbhís páirt ríthábhachtach sa phróiseas beartais agus is tosaíocht é forbairt beartais a neartú chun a chinntiú gur féidir leis riar ar riachtanais an Rialtais. Tá Roinn an Taoisigh, le tacaíocht ó ECFE faoi ionstraim tacaíochta teicniúla an Aontais Eorpaigh, chun cinn i dtionscadal chun forbairt beartais, a thógann ar an obair seo go dáta, a neartú. Chun tabhairt faoi dhúshláin bheartais atá ag éirí níos casta d'Éirinn atá ag athrú, éilítear forbairt beartais fhreagrúil agus atá bunaithe ar fhianaise. Tá bealaí nua le smaoineamh agus le hobair a dhéanamh ag teastáil chun dul i ngleic le saincheisteanna móra. Rinneadh comhordú Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud Rialtais a neartú, lena n-áirítear gealltanais maidir le taighde aeráide, seachadadh Pleananna Údarás Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus clár oibre an Bhuiséadaithe Ghlais a fhorbairt.

Ach ár mbonneagar sonraí a chur chun cinn cabhrófar an fhéidearthacht le haghaidh seachadadh digiteach saoráideach a ghiaráil agus feabhsófar an bonn fianaise le haghaidh forbairt beartais. Ach an Bonneagar Sonraí Náisiúnta (BSN) a fhorbairt a thuilleadh ceadófar cur chuige nuálach i leith faisnéis agus léargais a sholáthar chun tacú le forbairt beartais agus seachadadh seirbhíse. Ceadaíonn an tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí comhroinnt agus athúsáid sonraí pearsanta ag comhlíonadh na reachtaíochta um Chosaint Sonraí; má chuirtear ar fáil níos mó trédhearcachta don phobal maidir leis an gcaoi a ndéantar sonraí a bhainistiú agus a úsáid,

cothófar níos mó muiníne. Tá leibhéil measartha ard muiníne sa chuid is mó institiúidí poiblí, ach tá spás ann le haghaidh feabhsaithe. Ach teagmháil a dhéanamh le saoránaigh agus custaiméirí feabhsófar dlisteanacht beartais agus forbairt seirbhísí agus méadóidh seo muinín freisin. Rianófar leibhéil mhuiníne trí shuirbhéanna muiníne reatha ar fud na Seirbhíse Poiblí agus trí pháirt a ghlacadh i suirbhéanna débhliantúla ECFE ar na cúiseanna le muinín. Cinnteoidh an Straitéis nua Sonraí Oscailte go bhfoilsítear tacair sonraí ar chaighdeán níos airde agus go gcuirtear ar fáil iad ar bhealach inrochtana.

Réimse faoi leith mar arbh fhéidir an bonn fianaise d'fhorbairt agus pleanáil beartais a fheabhsú ná réamhfhéachaint straitéiseach – athruithe ag teacht chun cinn amach anseo a bhrath, ansin ciall a bhaint astu, agus iad a úsáid chun beartas a mhúnlú. Cabhróidh seo leis an tSeirbhís Phoiblí a bheith ag súil le rioscaí agus deiseanna ag teacht chun cinn agus freagairt dóibh. Glacfar céimeanna chun ár gcur chuige i leith réamhfhéachaint a úsáid sa tSeirbhís Phoiblí a neartú. Ach teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara sa phróiseas forbartha beartais agus sonraí a úsáid ó chustaiméirí agus úsáideoirí seirbhísí poiblí, beifear in ann torthaí níos fearr a ndéanann fianaise eolas dóibh a fháil. In *Prionsabail an Deartha sa Rialtas* agus sa phlean gnímh gaolmhar tugtar an deis triail a bhaint as cur chuige nua i leith seirbhísí a fhorbairt trí úsáideoirí a chur ag lár dhearadh na seirbhísí sin. Is féidir le ceachtanna sa chur i bhfeidhm ansin eolas a dhéanamh don phróiseas forbartha beartais agus do sheachadadh níos fearr seirbhísí.

Ach smaointeoireacht córas agus bainistíocht oibríochtaí a úsáid is féidir cabhrú tús áite a thabhairt d'úsáideoirí seirbhíse i ngach cinneadh agus gníomh nuair is infheidhme. Tacóidh seo freisin le feabhsú leanúnach trí gach foirm de chur amú a shainaithint agus a bhaint ó gach próiseas.






# Bonn Fianaise agus Torthaí Ardleibhéil

## Bonn Fianaise

Tá bonn leitheadach fianaise tar éis eolas a dhéanamh don straitéis, a bailíodh le linn na tréimhse 2020-2022 a chuimsíonn:

- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*
- Freagairt na Seirbhíse Poiblí do COVID-19
- Feabhas i gCás-staidéir ar Sheirbhís do Chustaiméirí
- Suirbhé 2021 na hÉireann ar na cúiseanna le muinín in institiúidí poiblí
- An tuarascáil *I dtreo córas réamhfhéachana straitéisí in Éirinn*
- Éachtaí na seirbhíse poiblí maidir le tionscnaimh chlaochlaithe na seirbhíse poiblí agus uaillmhian straitéisí reatha amhail *Athnuachan na Státseirbhíse 2030*, *Cónascadh Rialtais 2030* agus *Nuálaíocht a Fhíor*, Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí agus
- Comhairliúchán le heagraíochtaí seirbhíse poiblí, comhaltaí de Bhord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí (BCSP) agus páirtithe leasmhara eile.

## Torthaí Ardleibhéil

I rith thréimhse na straitéise beidh fócas ar na torthaí ardleibhéil a bhaineann le Creat Claochlaithe 7 mbliana na Seirbhíse Poiblí a thomhas. Tá an straitéis dírithe ar a chinntiú go bhfuil an tSeirbhís Phoiblí ullmhaithe níos fearr chun freagairt do dhúshláin reatha agus amach anseo. Tá sí dírithe go háirithe ar sheachadadh don phobal agus muinín a thógáil in institiúidí poiblí. Tá sí dírithe ar thorthaí agus tacaíonn sí le seachadadh gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht san earnáil phoiblí agus sa tsochaí.

Ach na torthaí sa straitéis a bhaint amach cuirfear ar a cumas don tSeirbhís Phoiblí tacú níos fearr leis an Rialtas beartas agus seirbhísí a sheachadadh don phobal. Tabharfaidh sí freisin d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí an deis a n-acmhainneacht a chomhlíonadh i dtimpeallacht oibre thairbheach, thacúil agus bheo-intinneach. Forbrófar roinnt táscairí chun taca a chur faoinár gcur chuige i leith monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cur i bhfeidhm na straitéise trí thomhas a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- sástacht custaiméirí
- muinín phoiblí
- digiteach a úsáid chun gnó a dhéanamh leis an tSeirbhís Phoiblí
- comhpháirteachas fostaithe
- caighdeán seirbhísí poiblí
- Éifeachtacht Rialtais

### Digiteach agus Nuálaíocht ar scála

- 90% de sheirbhísí poiblí infheidhme ar fáil tógtha ar líne agus deartha leis an gcustaiméir ag an lár
- Áiteanna oibre fuinniúla agus beo-intinneacha a chumasaíonn lucht saothair nuálach agus cumasach go digiteach
- Cuir chuige chomhoibríocha níos láidre chun fadhbanna casta a réiteach agus nuálaíochta a sheachadadh ar scála

**Torthaí Gaolmhara**

- Digiteach a úsáid níos mó
- Sástacht mhéadaithe custaiméirí
- Muinín mhéadaithe phoiblí

### Lucht Saothair agus Eagraíocht na Todhchaí

- Foireann oilte a riarann ar riachtanais gach earnáil den tSeirbhís Phoiblí agus gach Comhlacht den tSeirbhís Phoiblí
- Seirbhís Phoiblí atá ina roghfhostóir atá in ann a baill foirne a mhealladh, a choinneáil, a uasoiliúint agus a fhorbairt
- Lucht saothair comhionann, ilghnéitheach, ionchuimsitheach, gafa agus cumasaithe

**Torthaí Gaolmhara**

- Comhpháirteachas níos mó fostaithe
- Caighdeán feabhsaithe seirbhísí poiblí
- Éifeachtacht Rialtais níos fearr

### Beartas agus seirbhísí a ndéantar eolas dóibh le fianaise, arna ndearadh dár bpobal agus in éineacht leo

- Beartais éifeachtacha dhaonlárnacha bunaithe ar shonraí feabhsaithe, anailísíocht agus léargais
- Seirbhísí a dheartar agus a sheachadtar leis an gcustaiméir ag an lár
- Infhaighteacht sonraí inrochtana agus comhroinnte seirbhíse poiblí a thacaíonn freisin le beartas agus seirbhísí dá ndéantar eolas le fianaise

**Torthaí Gaolmhara**

- Caighdeán feabhsaithe seirbhísí poiblí
- Éifeachtacht Rialtais níos fearr
- Muinín mhéadaithe phoiblí

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland